CINNEADH (AE) 2020/1587 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2020

maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear an tríú tráthchuid le haghaidh 2020

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad cruinn i dtionól den Chomhairle, maidir le maoiniú an chúnaimh ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877 ("an 11ú Rialachán Airgeadais CEF"), tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 10 Deireadh Fómhair 2020 lena sonrófar (a) méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2020, agus (b) méid bliantúil athbhreithnithe na ranníocaíochta le haghaidh 2020, i gcásanna nach mbeidh an méid ag teacht leis na riachtanais iarbhír.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, chuir Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) a chuid meastacháin nuashonraithe maidir le gealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a ndéanann sé bainistíocht orthu seolta ag BEI chuig an gCoimisiún.

(3) Deantar foráil in Airteagal 20(1) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF go n-ídeofar ar dtús, do ghlaonna ar ranníocaíochtaí, na méideanna a bheidh le fáil as Cistí Eorpacha Forbraíochta (CEFanna) atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh faoin 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta ("an 10ú CEF") do BEI agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta ("an 11ú CEF") don Choimisiún.

(4) Ghlac an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, Cinneadh (AE) 2019/1800 ([3]), lena sonraítear méid bliantúil ranníocaíochtaí CEF na mBallstát le haghaidh 2020 ag EUR 4 400 000 000 don Choimisiún, agus ag EUR 300 000 000 don BEI.

(5) In Airteagail 152 agus 153 den Chomhaontú um tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([4]), sonraítear go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith ina páirtí sa CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, ní athúsáidfear sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 10ú CEF nó faoi na CEFanna roimhe sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na ranníocaíochtaí aonair CEF a bheidh le híoc ag na Ballstáit leis an gCoimisiún agus leis an BEI i leith an tríú tráthchuid le haghaidh 2020.

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1

([2]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.

([3]) Cinneadh (AE) 2019/1800 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 maidir le ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a chistiú, lena n-áirítear an uasteorainn do 2020, an chéad tráthchuid do 2020 agus réamhaisnéis tásach agus neamhcheangailteach maidir leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí do do bhliain 2022 go 2023 (IO L 274, 28.10.2019, lch. 9).

([4]) IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE	Scála 10ú CEF %	Scála 11ú CEF %	An tríú tráthchuid 2020 (EUR)		Iomlán
			an Coimisiún	BEI	
			11ú CEF	10ú CEF	
AN BHEILG	3,53	3,24927	32 492 700,00	3 530 000,00	36 022 700,00
AN BHULGÁIR	0,14	0,21853	2 185 300,00	140 000,00	2 325 300,00
AN tSEICIA	0,51	0,79745	7 974 500,00	510 000,00	8 484 500,00
AN DANMHAIRG	2,00	1,98045	19 804 500,00	2 000 000,00	21 804 500,00
AN GHEARMÁIN	20,50	20,57980	205 798 000,00	20 500 000,00	226 298 000,00
AN EASTÓIN	0,05	0,08635	863 500,00	50 000,00	913 500,00
ÉIRE	0,91	0,94006	9 400 600,00	910 000,00	10 310 600,00
AN GHRÉIG	1,47	1,50735	15 073 500,00	1 470 000,00	16 543 500,00
AN SPÁINN	7,85	7,93248	79 324 800,00	7 850 000,00	87 174 800,00
AN FHRAINC	19,55	17,81269	178 126 900,00	19 550 000,00	197 676 900,00
AN CHRÓIT	0,00	0,22518	2 251 800,00	0,00	2 251 800,00
AN IODÁIL	12,86	12,53009	125 300 900,00	12 860 000,00	138 160 900,00
AN CHIPIR	0,09	0,11162	1 116 200,00	90 000,00	1 206 200,00
AN LAITVIA	0,07	0,11612	1 161 200,00	70 000,00	1 231 200,00
AN LIOTUÁIN	0,12	0,18077	1 807 700,00	120 000,00	1 927 700,00
LUCSAMBURG	0,27	0,25509	2 550 900,00	270 000,00	2 820 900,00
AN UNGÁIR	0,55	0,61456	6 145 600,00	550 000,00	6 695 600,00
MÁLTA	0,03	0,03801	380 100,00	30 000,00	410 100,00
AN ÍSILTÍR	4,85	4,77678	47 767 800,00	4 850 000,00	52 617 800,00
AN OSTAIR	2,41	2,39757	23 975 700,00	2 410 000,00	26 385 700,00
AN PHOLAINN	1,30	2,00734	20 073 400,00	1 300 000,00	21 373 400,00
AN PHORTAINGÉIL	1,15	1,19679	11 967 900,00	1 150 000,00	13 117 900,00
AN RÓMÁIN	0,37	0,71815	7 181 500,00	370 000,00	7 551 500,00
AN tSLÓIVÉIN	0,18	0,22452	2 245 200,00	180 000,00	2 425 200,00
AN tSLÓVAIC	0,21	0,37616	3 761 600,00	210 000,00	3 971 600,00
AN FHIONLAINN	1,47	1,50909	15 090 900,00	1 470 000,00	16 560 900,00
AN tSUALAINN	2,74	2,93911	29 391 100,00	2 740 000,00	32 131 100,00
AN RÍOCHT AONTAITHE	14,82	14,67862	146 786 200,00	14 820 000,00	161 606 200,00
IOMLÁN – AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE	100,00	100,00	1 000 000 000,00	100 000 000,00	1 100 000 000,00